**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2013

# Ealaín
# Ceardaíocht
# Dearadh
# – *Tionscadal*

## ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL

Le heisiúint ar **1 Deireadh Fómhair, 2012**
Ní mór an Tionscadal seo a bheith críochnaithe faoi
**30 Aibreán, 2013**
An t-íosmhéid ama a mholtar: 42 uair an chloig

**Tá 300 marc ag gabháil leis an tionscadal seo:**

75 marc — ULLMHÚCHÁN: taighde agus fiosrúchán ag úsáid meáin éagsúla.
75 marc — FORBAIRT: staidéir a léiríonn smaointe cruthaitheacha indibhidiúla.
120 marc — CUR I gCRÍCH: na saothair chríochnaithe 2T agus 3T.
30 marc — STAIDÉIR THACAÍOCHTA: obair amhairc agus scríofa a bhaineann leis an tionscadal.

## Treoracha do na hIarrthóirí

- Ní mór duit obair dhílis de do chuid féin a chur i láthair le haghaidh measúnú.
- Ní mór do thionscadal a dhéanamh faoi mhaoirseacht do mhúinteora. Ní ghlacfar le tionscadal murar féidir le do mhúinteoir a dhearbhú gurb é d'obair dhílis féin atá ann.
- Tá trí chéim i gceist i do thionscadal, mar leanas:

**ULLMHÚCHÁN – FORBAIRT – CUR I gCRÍCH**

Cuid an-tábhachtach de do thionscadal iad STAIDÉIR ULLMHÚCHÁIN. Is ansin a dhéanann tú taighde agus a bhailíonn tú eolas faoi do théama roghnaithe agus a dhéanann tú smaointe a thaiscéaladh. Ní mór duit úsáid a bhaint as do chuid íomhánna féin ón mbreathnóireacht nó ón tsamhlaíocht. Ní cóir duit a bheith ag brath ar obair a chóipeáil ná a rianú.

Is le linn FHORBAIRT do thionscadail a ghineann tú smaointe don saothar críochnaithe 2T nó 3T agus a chuireann tú barr feabhais orthu.

Leanann CUR i gCRÍCH do thionscadail ó na Staidéir Ullmhúcháin agus ón bhForbairt. Is ag an am sin a dhéanann tú do shaothar 2T nó 3T. Ní mór iad sin a dhéanamh sa scoil faoi mhaoirseacht do mhúinteora agus NÍ CÓIR iad a thabhairt amach as an scoil sula marcálfar an scrúdú i mí an Mheithimh.

- Ní cóir go mbeadh toisí do shaothair 2T agus 3T níos mó ná an uasmhéid a shonraítear ar an scrúdpháipéar.
- Ní mór an teideal a chur ar gach mír den obair chun an téama roghnaithe a chur in iúl go soiléir.
- Ní mór do scrúduimhir a bheith ar taispeáint go soiléir ar gach cuid den obair a chuirtear i láthair. Cuir lipéad ar gach bileog a chuirtear i láthair. Ná húsáid ach na lipéid ghreamaitheacha a chuirfear ar fáil.
- Ní cóir níos mó ná 7 mbileog (A2) a chur isteach i do thionscadal.
- Ní cóir níos mó ná sraith amháin d'obair ealaíne a bheith ar gach bileog.
- Ní cóir aon obair ealaíne a dhéanamh ar chúl aon cheann de na bileoga.

# TÉAMAÍ

Roghnaigh ceann de na téamaí a leanas do do thionscadal:

1. **Meaisíní**
2. **I Lár an Bhaile Mhóir**
3. **Cad é atá sa chuisneoir?**
4. **Tigh seo agamsa**
5. **Grinnscrúdú**
6. **Dán:**

    Cad a fheiceann tú san fharraige?
    Ainmhithe sa snámh agus iad saor.
    Seilidí agus míolta móra
    Ag croitheadh a n-eireabaill.
    Rónta agus eascanna
    Ag cuardach a gcoda.
    An cat mara agus an leathóg
    Sa tóir ar éisc ramhra.
    An doingean agus an ballach
    I mullach a chéile.
    An chailleach, an ballach
    I ndiaidh madraí éisc.
    Cad a fheiceann tú san fharraige?
    Ainmhithe sa snámh agus iad saor.

    *Le caoinchead Meish Goldish*

# Treoracha

Ní mór do thionscadal a bhunú ar do théama roghnaithe agus ní mór na **réimsí staidéir** a leanas a bheith ann:

**(a) Staidéir dhéthoiseacha (2T)**
**(b) Staidéir thacaíochta don 2T**
**(c) Staidéir thríthoiseacha (3T)**
**(d) Obair Roghnach**
**(e) Staidéir thacaíochta don 3T agus don Obair Roghnach.**

D'obair dhílis féin a chaithfidh a bheith in ullmhúchán, i bhforbairt agus i gcur i gcrích do thionscadail agus ní mór do do mhúinteoir monatóireacht rialta a dhéanamh air i rith na bliana.

Déan do chuid smaointe a fhorbairt ó phointe tosaigh a bhaineann le do théama roghnaithe. Bain úsáid as foinsí ó na staidéir 2T, 3T nó ó na staidéir thacaíochta. Tosaigh ag obair ó rud a mbíonn tú ag breathnú air nó ó rud a shamhlaíonn tú nó ón dá rud in éineacht. Ní cóir duit a bheith ag brath ar obair a chóipeáil ná a rianú.

Is ceadmhach an obair do na **réimsí staidéir** a dhéanamh in aon ord is maith leat.

# (a) Staidéir 2T – *Péintéireacht* nó *Dearadh Grafach*

## *Péintéireacht*

Déan péintéireacht bunaithe ar do phointe tosaigh. Is féidir úsáid a bhaint as meáin mheasctha.

**nó**

## *Dearadh Grafach*

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas bunaithe ar do phointe tosaigh:

- Póstaer
- Clúdach Físeáin
- Forchlúdach Leabhair
- Stampa Poist
- Dlúthdhiosca
- Clúdach DVD
- Lógó
- Bróisiúr.

Ní ceadmhach do phéintéireacht ná do dhearadh grafach a bheith níos mó ná 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

**Bileog Ullmhúcháin:** ba chóir rogha ábhartha de na staidéir ullmhúcháin don Phéintéireacht **nó** don Dearadh Grafach, a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre, a ghreamú ar bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

# (b) Staidéir thacaíochta don 2T

Déan bileog de staidéir thacaíochta.
Is féidir na staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm obair amhairc agus i bhfoirm scríofa. Ba chóir go mbeadh baint acu leis an saothar 2T agus go neartóidís é. Ba chóir do rogha dheireanach díobh a ghreamú ar bhileog de pháipéar A2. Déan do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog agus ná bíodh ach sraith amháin d'obair ealaíne ar an mbileog.

# (c) Staidéir 3T

Dear agus déan saothar 3T bunaithe ar do phointe tosaigh agus bain úsáid as teicníc amháin ar a laghad díobh seo a leanas:

**Múnlóireacht**
**Snoíodóireacht**
**Tógáil**

Ní cóir go mbeadh an saothar críochnaithe 3T níos mó ná 80 cm sa toise is mó.

**Bileog Ullmhúcháin:** ba chóir rogha ábhartha de na staidéir ullmhúcháin don saothar 3T, a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre, a ghreamú ar bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

# (d) Obair Roghnach

Roghnaigh ceann amháin díobh seo agus dear agus déan saothar ceardaíochta bunaithe ar do phointe tosaigh.
Ní ceadmhach an saothar a bheith níos mó ná an uasmhéid a luaitear.

| | *An Uasmhéid* |
|---|---|
| **Baitíc** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Blocphriontáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Eitseáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Leabharcheardaíocht** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Peannaireacht** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Bróidnéireacht** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Fabraicphriontáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Scáthlánphriontáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Fíodóireacht** | 59 × 42 cm (A2) |
| | *An uasmhéid in aon toise* |
| **Miotalóireacht Ealaíne** | 26 cm |
| **Snoíodóireacht** | 26 cm |
| **Múnlóireacht / Teilgean** | 26 cm |
| **Pacáistíocht** | 26 cm |
| **Criadóireacht / Ceirmeacht** | 26 cm |
| **Puipéadracht** | 60 cm |

**Bileog Ullmhúcháin:** ba chóir rogha ábhartha de na staidéir ullmhúcháin don Obair Roghnach, a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre, a ghreamú ar bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

## (e) Staidéir thacaíochta don 3T agus don Obair Roghnach

Déan bileog de staidéir thacaíochta.
Is féidir na staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm obair amhairc agus i bhfoirm scríofa. Ba chóir go mbeadh baint acu leis an saothar 3T agus leis an Obair Roghnach, agus go neartóidís iad. Ba chóir do rogha dheireanach díobh a ghreamú ar bhileog de pháipéar A2. Déan do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog agus ná bíodh ach sraith amháin d'obair ealaíne ar an mbileog.

## *Seicliosta don Tionscadal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal*

**1. Ullmhúchán don phéintéireacht *nó* don Dearadh Grafach**

**2. Péintéireacht *nó* Dearadh Grafach críochnaithe**

**3. Staidéir thacaíochta don Phéintéireacht *nó* don Dearadh Grafach**

**4. Ullmhúchán don saothar 3T**

**5. An saothar 3T críochnaithe**

**6. Ullmhúchán don Obair Roghnach (2T *nó* 3T)**

**7. An Obair Roghnach (2T *nó* 3T) críochnaithe**

**8. Staidéir thacaíochta don saothar 3T *agus* don Obair Roghnach**

***Ní cóir níos mó ná seacht mbileog a bheith sa Tionscadal ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal.***

***Ní mór na bileoga sin a chur sa chlúdach atá curtha ar fáil don scoil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.***

***Ní mór an saothar 3T a bheith ar barr.***

***Ní ceart an saothar 3T a chur i mbeartán ná i mbosca.***